Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Taidhleoireacht chultúrtha mar mheán do chaidreamh seachtrach an Aontais — Comhpháirtíochtaí nua agus ról eagraíochtaí na sochaí sibhialta

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/17)

Rapóirtéir: **Luca JAHIER**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.01.2022
Bunús dlí	Riail 32(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	14.10.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	27.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	178/1/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Is rud ionchuimsitheach atá sa chultúr. Is sócmhainn atá ann a chabhraíonn linn an bealach atá romhainn san Eoraip a shoiléiriú, mar aon leis an íomhá dínn a scaiptear ar fud an domhain. Tráth a bhfuil an cogadh ar ais ar mhór-roinn na hEorpa, agus scrios tubaisteach á dhéanamh, agus beatha daoine agus áiteanna millte, tá gá le caidreamh cultúrtha a bheidh anois níos mó ná riamh ina áis idirphlé agus síochána agus ina chabhair don am atá romhainn. Ní mór tús áite a thabhairt anois don chultúr mar mheán spreagtha agus straitéiseach bheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh, rud a iarradh arís agus arís eile ina lán doiciméad agus tionscnamh tábhachtach le 17 mbliana anuas.

1.2. Ar bhonn Theachtaireacht 2016 ón gCoimisiún Eorpach, agus ar bhonn líon mór cinntí agus treoirlínte ón gComhairle, mar aon leis na moltaí ó Pharlaimint na hEorpa, is mithid feasta **plean gníomhaíochta straitéiseach ilbhliantúil a ghlacadh, ar plean cuimsitheach é**, ionas go gcruthófar sineirgíocht éifeachtach faoi chomhordú Sheirbhís Gníomhaíochta Seachtraí an Aontais (SEGS) le beartais agus struchtúir éagsúla an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát, agus ionas go gcuirfear ardán ar fáil chun idirnascadh éifeachtach a chruthú le breis eintitis éagsúla, idir na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann agus an iliomad gníomhaithe príobháideacha nó institiúideacha atá ag gabháil dó go táirgiúil cheana. Ní foláir an maoiniú riachtanach a bheith mar thaca leis an bplean.

1.3. Idir an dá linn, ní mór **na bearta a neartú láithreach** chun an oidhreacht a chosaint, a athbhunú agus a atógáil sna limistéir sin inar tharla tubaistí nádúrtha, géarchéimeanna agus coinbhleachtaí. Cabhróidh na bearta sin chun oiliúint bhreise a chur ar na gníomhaithe áitiúla agus acmhainneacht bhreise a chruthú sna hinstitiúidí áitiúla agus in eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ba cheart beart níos uaillmhianaí a dhéanamh i réimse na d**tionscal cruthaitheach**. Ba cheart **treoirthionscadail** thábhachtacha a chur ar bun i limistéir mar na Balcáin Thiar, an Mheánmhuir agus an Meánoirthear, ilchríoch na hAfraice agus an Úcráin.

1.4. Ina theannta sin, d'fhonn **ardán AE a chruthú le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta**, ba cheart réimse leathan gníomhaíochtaí agus tionscnamh atá i bhfeidhm cheana a mhapáil ar leibhéal na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí Eorpacha, ar leibhéal na mBallstát agus san iliomad eagraíochtaí sochaí sibhialta sna Ballstáit, agus sna comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta éagsúla.

1.5. Tá gá le **struchtúr téagartha ar leith laistigh de SEGS**, struchtúr a bheadh bunaithe ar **"Toscaire Speisialta AE um Chaidreamh Cultúrtha"**, rud lena bhforbrófaí cur chuige polaitiúil cuimsitheach a mbeadh an buiséad cuí aige agus é ar a chumas líonraí a chruthú leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí éagsúla, chomh maith le huirlisí agus leithdháiltí beaga airgeadais a chur ar fáil do Thoscaireachtaí an Aontais ionas go bhféadfaidís gníomhaíochtaí a fhorbairt sna tíortha ina bhfuil siad.

2. **Comhthéacs ginearálta**

2.1. Is le fada an lá atá sé ar chlár oibre na n-institiúidí Eorpacha an cultúr a aithint mar cheann d'uirlisí bheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh. Is é is cuspóir dó sin an t-idirphlé idir an éagsúlacht chultúrtha, cearta an duine agus an comhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch a neartú, bunaithe ar na tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha mar spreagadh don fhás. Is é is saintréith don taidhleoireacht chultúrtha atá roghnaithe ag an Aontas Eorpach mar uirlis ghníomhaíochta sa bheartas eachtrach nach gcuirtear coinníollacha i bhfeidhm maidir leis an gcomhar cultúrtha agus go gcuirtear chun cinn cur chuige a bhfuil níos mó i gceist leis ná díreach léiriúcháin chultúrtha na mBallstát a chur chun cinn ach go spreagtar spás comhléiriúcháin chultúrtha i gcomhar le tíortha comhpháirtíochta ar leibhéal na sochaí sibhialta.

2.2. Cheana féin in 2007, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht maidir le *Clár Oibre Eorpach don chultúr i ndomhan domhandaithe* ([1]), agus é mar aidhm léi freisin ról níos tábhachtaí a thabhairt do ghné an chultúir i gcaidreamh seachtrach an Aontais. Tugadh tacaíocht láidir don tionscnamh sin i rún ó Pharlaimint na hEorpa in 2008 agus arís i rún in 2011, agus cuireadh buiséad sonrach EUR 500 000 ar fáil an bhliain ina dhiaidh sin le bearta ullmhúcháin a chur chun feidhme don chultúr sa chaidreamh idirnáisiúnta, as ar tháinig staidéar ([2]) maidir le creat ábhartha in 2014.

2.3. Thug an Chomhairle Eorpach le fios go mion minic, go háirithe sna conclúidí uaithi in 2007, 2008, 2014 agus 2015, go bhfuil acmhainneacht taidhleoireachta sa chaidreamh cultúrtha, agus rinneadh tagairt don rud céanna i bpleananna gníomhaíochta an Choimisiúin ó 2014 i leith.

2.4. Cuireadh obair ullmhúcháin na tréimhse deich mbliana sin san áireamh i dTeachtaireacht Chomhpháirteach ([3]) mhí an Mheithimh 2016 ***Towards an EU Strategy for International Cultural Relations*** [I dtreo straitéis AE le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta], teachtaireacht a d'eisigh an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála. Leagadh amach sa Teachtaireacht trí réimse oibre maidir leis an straitéis sin a fhorbairt:

— an fhorbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn trí bheartais chultúrtha; ról na n-údarás áitiúil i dtionscnaimh chultúrtha agus ról thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta sna tíortha comhpháirtíochta;

— an plé idirchultúrtha ar mhaithe leis an tsíocháin agus an chobhsaíocht;

— an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar thubaistí nádúrtha, ar choimhlintí armtha agus ar an ngáinneáil ar dhéantáin, a bhíonn ina bhfoinse maoinithe ag gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta freisin.

2.5. Tugadh le fios sa Teachtaireacht freisin gur gá comhordú ghníomhaíochtaí na mBallstát a chur chun cinn, d'fhonn deireadh a chur leis an ilroinnt mhór atá ann, stádas moil a thabhairt do roinnt toscaireachtaí AE i dtríú tíortha, an comhar le EUNIC (European Union National Institutes for Culture) a neartú mar ráthóir de shainphribhléid na mBallstát i réimse an chultúir, agus úsáid a bhaint as na hionstraimí agus na línte buiséid atá ann cheana sna réimsí éagsúla. Bunaíodh Ardán Taidhleoireachta ([4]) leis an Teachtaireacht i dtaca leis an gCultúr ionas gur fusa cláir agus acmhainní iomchuí a chur san áireamh agus na geallsealbhóirí éagsúla a chomhordú.

2.6. Nocht CESE a thuairim faoin Teachtaireacht ([5]) sin i mí na Bealtaine 2017, agus chuir sé in iúl go dtacaíonn sé go mór léi, ach go n-aithníonn sé freisin go bhfuil gá dul céim níos faide ná an doiciméad dar teideal *Towards an EU strategy for international cultural relations* agus straitéis ar leith agus plean gníomhaíochta cuimsitheach a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Tugadh le fios sa tuairim gur cheart ceithre riachtanas struchtúracha a chomhlíonadh: rialachas soiléir a áirithiú ar leibhéal AE; comhordú agus tacaíocht bhreise a áirithiú ar leibhéal na mBallstát; na gnéithe airgeadais a shoiléiriú; agus líonraí de ghníomhaithe idirnasctha i réimse an chultúir a chur chun cinn, ar cuid de shochaí shibhialta chultúrtha bhríomhar iad. D'iarr CESE freisin go mbeadh gné an chultúir ar an gceathrú colún sa straitéis forbartha inbhuanaithe agus go bhforbrófaí líonraí iomchuí le go mbeadh eagraíochtaí éagsúla na sochaí sibhialta eagraithe agus eagraíochtaí eile rannpháirteach ar leibhéil éagsúla atá gníomhach sa réimse sin cheana féin.

([1]) EUR-Lex – 52007DC0242 – EN – EUR-Lex (europa.eu).
([2]) Engaging the World: Towards Global Cultural Citizenship (europa.eu).
([3]) EUR-Lex – 52016JC0029 – EN – EUR-Lex (europa.eu).
([4]) Ardán le haghaidh an Chaidrimh Chultúrtha (cultureinexternalrelations.eu).
([5]) Towards an EU strategy for international cultural relations [I dtreo straitéis AE le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta] (IO C 288, 31.8.2017, lch. 120).

2.7. I dtuairim féintionscnaimh ([6]) a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí Iúil 2017, tugadh le fios go raibh an Pharlaimint den tuairim nár leor an struchtúr a bhí ar an Teachtaireacht le go bhféadfaí straitéis éifeachtach taidhleoireachta cultúrtha a mbeadh na cistí iomchuí ann di a fhorbairt ar leibhéal AE. Ina theannta sin, d'eisigh CnaR tuairim ([7]) i mí an Mheithimh 2017 ina raibh teachtaireacht láidir, á mheabhrú go háirithe an ról lárnach is féidir leis na cathracha agus na rialtais áitiúla a imirt le líonraí comhair chultúrtha a fhorbairt ar leibhéal na comharsanachta. Díríodh ar an ábhar sin go sonrach i staidéar cuimsitheach a rinne Parlaimint na hEorpa in 2020 ([8]), inar leagadh amach straitéis il-leibhéil le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta.

2.8. Sna conclúidí ón gComhairle a d'eisigh sí i mí na Bealtaine 2017, díríodh ar na tograí ón gCoimisiún agus spreagadh plé fúthu arís, agus moladh Meitheal Chairde na hUachtaránachta a chruthú mar ardán trasearnála chun cur chun feidhme na straitéise a éascú. Chrom an Chomhairle ar cheist na taidhleoireachta cultúrtha arís ina dhiaidh sin. I mí an Mheithimh 2019, ba dhíol suntais na conclúidí a bhí aici faoi chur chuige straitéiseach AE i leith an chaidrimh chúltúrtha go hidirnáisiúnta agus i leith creat gníomhaíochta ([9]). B'amhlaidh dá cuid conclúidí i mí Mheán Fómhair 2019 i leith ghné an chultúir san fhorbairt inbhuanaithe ([10]). B'amhlaidh fós i mí na Bealtaine 2020 i leith bainistiú rioscaí in earnáil na hoidhreachta cultúrtha ([11]), sin agus i ndeireadh báire i mí an Mheithimh 2021 ([12]) i leith cur chuige AE i gcás na hoidhreachta cultúrtha le linn coimhlintí nó géarchéimeanna.

2.9. Ar deireadh, sa chreat gníomhaíochta Eorpaí um an oidhreacht chultúrtha ([13]), creat a foilsíodh tar éis Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha (2018), leag an Coimisiún amach ar cheann de na cúig cholún den ghníomhaíocht Eorpach sa réimse sin "an oidhreacht chultúrtha ar mhaithe le comhpháirtíochtaí domhanda níos láidre: an comhar idirnáisiúnta a neartú".

3. **Barúlacha agus tograí**

3.1. Aithnítear, dá bhrí sin, sa mhéid atá leagtha amach thuas, scála na forbartha beartais agus an réimse leathan treoirlínte, tograí agus cinntí a carnadh i gcaitheamh na mblianta, mar aon leis an gcomhdhearcadh atá seanbhunaithe anois, lena n-aithnítear an cultúr mar mheán lenar féidir an fhéiniúlacht agus an comhtháthú a thógáil, mar spreagadh don fhorbairt shocheacnamaíoch agus mar ghné thábhachtach chun teacht ar shíocháin, lena n-áirítear an caidreamh duine le duine a chothú (ina bhfuil páirt ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ollscoileanna, ionaid chultúrtha, músaeim, cathracha agus eagraíochtaí idirghabhála eile).

Ina theannta sin, tá comhdhearcadh ag teacht chun cinn go bhfuil an bhéim sin ar ghné an chultúir tábhachtach maidir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a chur chun feidhme.

3.2. Ar an gcaoi chéanna, tá an cultúr anois ar cheann de phríomhuirlisí comhair an Aontais Eorpaigh, agus ina chuid de na comhaontuithe déthaobhacha idir an tAontas agus tríú tíortha, agus tá raon leathan tionscadal cultúrtha á gcur chun feidhme le blianta fada anuas mar chuid de chúnamh teicniúil agus airgeadais an Aontais.

Tá na cuspóirí seo a leanas leis na gníomhaíochtaí sin: láithreáin oidhreachta cultúrtha a chaomhnú agus a athchóiriú, saothair ealaíne a chruthú agus a scaipeadh, músaeim a chruthú agus a athchóiriú, cur le cumas na n-oibreoirí cultúir agus na n-ealaíontóirí ar an leibhéal áitiúil, saorghluaiseacht na ndaoine sin ó thír go chéile a chur chun cinn, mórimeachtaí cultúir a eagrú, cur le feasacht an phobail ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha agus samhail nua turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt. Tacaíonn an Coimisiún freisin le tionscail i réimse an chultúir a bhunú agus a neartú sna tíortha comhpháirtíochta, go háirithe in earnáil an chlosamhairc agus in earnáil na scannán, agus leis an teacht a bhíonn ag pobail áitiúla ar an gcultúr a chur chun cinn.

3.3. ***Mar sin féin, tá na gníomhaíochtaí sa réimse seo níos ilroinnte ná riamh, níl tuiscint iomlán orthu ná níl fís straitéiseach ar leith ann dóibh***. Is é a chiallaíonn sin gur beag seans atá ag an gcultúr an fhíoracmhainneacht atá ann mar "mheán" tábhachtach de bheartas eachtrach an Aontais agus mar spreagadh don chomhpháirtíocht ina lán áiteanna ar domhan a bhaint amach. Seoid fholaithe atá ann, agus ba cheart tarraingt ar an mais chriticiúil atá san acmhainn ollmhór sin de thionscnaimh atá ar bun nó a d'fhéadfaí a chur ar bun, ar leibhéal na mBallstát, agus sa liosta an-fhada de ghníomhaithe agus d'institiúidí áitiúla, agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

([6]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Iúil 2017 – *Towards an EU strategy for international cultural relations* (2016/2240 (INI)) [I dtreo straitéis AE le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta] (IO C 334, 19.9.2018, lch. 112).

([7]) Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – *Towards an EU strategy for international cultural relations* [I dtreo straitéis AE le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta] (IO C 207, 30.6.2017, lch. 95).

([8]) *Towards a multi-level strategy for EU external cultural relations* — Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

([9]) Conclúidí ón gComhairle – *on an EU strategic approach to international cultural relations and a framework for action* [maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat gníomhaíochta] (IO C 192, 7.6.2019, lch. 6)

([10]) Rún ón gComhairle – *on the cultural dimension of sustainable development* [maidir le gné chultúrtha na forbartha inbhuanaithe] (IO C 410, 6.12.2019, lch. 1).

([11]) Conclúidí ón gComhairle – *on risk management in the area of cultural heritage* [maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúir] (IO C 186, 5.6.2020, lch. 1).

([12]) Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige an Aontais i leith na hoidhreachta cultúrtha i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna (6/2021).

([13]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *European Framework of Action for Cultural Heritage* [an creat gníomhaíochta Eorpach um an oidhreacht chultúrtha], SWD(2018) 491 final, 5.12.2018, lch. 29.

3.4. Ba cheart a mheabhrú freisin nach mór, le go mbeidh ciall le taidhleoireacht chultúrtha an Aontais Eorpaigh, í a cheapadh agus a fhorbairt mar uirlis de bheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh, rud a chinnteoidh go mbeidh an tionchar cuí aici. I gcás an Aontais Eorpaigh, feictear an tionchar sin sa chaoi a gcuirtear an tsamhail Eorpach chun cinn ar fud an domhain, is é sin samhail den chómhaireachtáil shíochánta agus de lánpháirtiú daoine, agus meas á léiriú ar chearta bunúsacha agus ar shaoirse léirithe an aosa ealaíon agus i gcomhréir le prionsabail an daonlathais agus an smachta reachta.

3.5. Rud eile de, an colún is taca don Eoraip, is í an obair a rinneadh i múnlú an chultúir is neart don cholún sin. Is í an obair ba chúis le forbairt na tionsclaíochta, is í ba chúis leis an Eoraip a bheith i gceartlár na trádála, is í ba chúis le múnlú stair chathracha na hEorpa, is í ba chúis le fuascailt na ndaoine sna cathracha sin, agus san am céanna is í ba chúis le deimhniú na gceart sóisialta a bheith á ráthú, agus le samhail shóisialta na hEorpa a bheith á ráthú chomh maith. Ní mór cultúr na hoibre a bheith ina dhlúthchuid de ghníomhaíocht na hEorpa arís san am atá romhainn.

3.6. Is é nádúr na hoidhreachta cultúrtha, is cuma an gnéithe inláimhsithe nó doláimhsithe atá i gceist, go bhfuil sí íogair ó thaobh na polaitíochta de, an-chasta agus a lán siombalachais ag baint léi, agus go n-éiríonn a lán daoine an-tógtha fúithi. Fágann sin go léir go mbíonn baol mór cúblála polaitiúla i gceist san oidhreacht chultúrtha, maidir leis an stair, le cén chuid den tsochaí a bhaineann sí agus leis an úsáid a bhaintear aisti, go háirithe maidir le mionlaigh agus i gcás coinbhleachta. Is féidir leis an oidhreacht chultúrtha, dá bhrí sin, a bheith ina mheán coinbhleachta ach ina mheán síochána, athmhuintearais agus forbartha comhroinnte freisin. Tuigtear uaidh sin an tábhacht atá léi mar uirlis chumhachtach chomhlántach taidhleoireachta i gcur chuige an Aontais i leith na síochána, na slándála agus na forbartha inbhuanaithe.

3.7. Leis an gcinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 21 Meitheamh 2021, atá dírithe go príomha ar an oidhreacht a chosaint le linn coinbhleachtaí agus géarchéimeanna, athdhearbhaíodh an uaillmhian atá ann meán tábhachtach síochána agus forbartha a dhéanamh den "taidhleoireacht chultúrtha" faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eorpaigh Slándála agus Cosanta. Tugtar treoir freisin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha uile an Aontais bearta sonracha a ullmhú i ndáil leis an méid sin, lena n-áirítear tascfhórsa tiomnaithe a bhunú, faoi chúram SEGS, agus ar a mbeadh an dualgas tuarascáil bhliantúil a chur chuig an gComhairle maidir leis an dul chun cinn. I bPointe 8 de na conclúidí, tá béim ar a thábhachtaí atá sé na comhpháirtíochtaí riachtanacha ar fad a chur á neartú leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha, sin agus le heagraíochtaí idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha (eagraíochtaí na sochaí sibhialta).

3.8. Is gá, dá bhrí sin, cás láidir a dhéanamh athuair ar son an méid a iarradh cheana féin sa tuairim ó CESE in 2017 agus sa rún ó Pharlaimint na hEorpa in 2017 freisin, eadhon **plean gníomhaíochta cuimsitheach** a ghlacadh, rud a rinneadh le déanaí i roinnt réimsí eile gníomhaíochta AE, agus struchtúr rialachais solúbtha agus an maoiniú riachtanach a shainiú, lena n-áirítear cistí ar leith agus cistí as cláir eile a d'fhéadfaí a úsáid.

Ba cheart díriú sa phlean sin ar na pointí seo go háirithe: cur leis an gcomhleanúnachas idir na beartais agus na hionstraimí éagsúla atá ag an Aontas sa ghníomhaíocht sheachtrach; an méid a chuireann an oidhreacht inláimhsithe agus an oidreacht dholáimhsithe le chéile; an nasc leis an athrú aeráide mar chúis ghéarchéime; cuimsiú agus cumhachtú na ngníomhaithe áitiúla, na mban agus daoine óga; an oiliúint agus malartú eolais; cruthú líonraí agus nasc a chruthú le líonraí atá ann cheana, e.g. Erasmus+; na deiseanna éagsúla chun comhar agus comhpháirtíocht shonrach a fhorbairt idir institiúidí cultúrtha an Aontais Eorpaigh agus gníomhaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa réimse sin agus eagraíochtaí den chineál céanna i dtríú tíortha; cur leis an gcomhar le comhlachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá ann cheana, trí ais thábhachtach de na sineirgí sin a dhéanamh den chultúr.

Thar aon rud eile, ba cheart idirnaisc a fhorbairt idir na gnéithe seo a leanas:

— an caidreamh cultúrtha agus an fhorbairt inbhuanaithe;

— an caidreamh cultúrtha agus an geilleagar ciorclach;

— an caidreamh cultúrtha agus an t-aistriú digiteach;

— an caidreamh cultúrtha agus an tsíocháin agus an chobhsaíocht;

— an caidreamh cultúrtha agus cur chun cinn na gceart bunúsach agus na saoirse cainte;

— an caidreamh cultúrtha agus mionlaigh, cosaint agus cur chun cinn chultúir agus theangacha grúpaí mionlaigh;

— an caidreamh cultúrtha agus cur chun cinn an chomhionannais inscne.

3.9. Agus an plean sin á dhréachtú, agus an réimse is leithne geallsealbhóirí páirteach ann, rud is gnách anois, agus an bhéim chéanna agus atá tugtha do roinnt pleananna eile le deireanas a chur air, tá sé riachtanach bearta sonracha áirithe a sheoladh láithreach chun téagar a chur, faoi dheireadh, i sainordú na Comhairle agus san iliomad moltaí agus tograí ó na hinstitiúidí eile dá dtagraítear thuas, le go bhféadfaidh an próiseas seo teacht chun cinn. Seo a leanas roinnt samplaí de na bearta sin.

3.9.1. **Cosaint, athchóiriú agus atógáil na hoidhreachta i limistéir inar tharla tubaistí nádúrtha agus i limistéir ina bhfuil géarchéimeanna agus coinbhleachtaí**, trí thógáil ar mhisin atá ann cheana faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) – an Afganastáin, an Úcráin, an tSeoirsia, an Chosaiv, an Libia, na Críocha Palaistíneacha (Ramallah agus Rafah), an Nígir, Mailí agus Corn na hAfraice (an tSomáil agus Críoch Shomáile) – agus an sainordú á oiriúnú nuair is gá. Chuige sin: infheistíocht a dhéanamh san idirphlé idir pobail agus grúpaí eitneacha (agus, i gcás inarb ábhartha, an t-idirphlé idirchreidmheach); uirlis chun an chomhchuimhne agus an t-athmhuintearas a atógáil a dhéanamh d'atógáil agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha, agus leas a bhaint as sin freisin chun fostaíocht a chruthú, agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus turasóireachta a chur chun cinn; fothú acmhainneachta a fhorbairt go háitiúil, mar aon leis na gníomhaíochtaí oiliúna a theastaíonn chuige sin; cur le húsáid na mapála satailíte agus íomhánna digiteacha chun bearta coisctheacha a fhorbairt.

3.9.2. **An comhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar earraí cultúrtha a neartú**, ar gáinneáil í a mbaintear leas aisti freisin chun an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta a mhaoiniú agus atá an-ábhartha i limistéir choinbhleachta — i gcomhar le Europol agus Interpol, breis oiliúna a chur ar na póilíní teorann.

3.9.3. **Tionscnamh sonrach a fhorbairt maidir leis na tionscail chruthaitheacha**, go háirithe maidir leis an ealaín chomhaimseartha agus teicneolaíochtaí nua, agus béim ar leith ar na glúine nua. Is cinnte go bhfuil an réimse seo, ina ndearnadh roinnt tionscnamh suntasach a fhorbairt cheana féin i gcomhar le WTO, ar cheann de na bealaí is fearr a bhfuil gealladh fúthu chun an fhorbairt inbhuanaithe a spreagadh; tá tábhacht ar leith leis cheana féin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC). Táthar ag súil leis go gcruthófar Fondúireacht Chultúrtha ACC amach anseo agus tá sé beartaithe an chéad chruinniú a eagrú idir Airí Cultúir ACC agus AE, rud as a dtiocfaidh creat polaitiúil an-suimiúil agus níor mhór an tosaíocht chuí a thabhairt don bheart sin. I dtrácht leis sin, luafaimid an Fóram Cruthaitheach ([14]) a bhí i Liúibleána in 2021, fóram **a thugann le chéile gnólachtaí cruthaitheacha ó gach ceard de cheantar na Meánmhara** de ghrá an aistrithe ghlais, na nuálaíochta sóisialta agus an fháis eacnamaíoch.

3.9.4. **Mapáil chórasach** a dhéanamh ar éagsúlacht agus ar shaibhreas na dtionscnamh atá i bhfeidhm cheana féin, ar gach leibhéal, lena n-áirítear trí shuíomh idirghníomhach a chruthú ar a bhféadfar dea-chleachtais a mhalartú agus sineirgí nua a fhorbairt idir gníomhaithe ar leibhéil éagsúla agus i dtíortha éagsúla. Is é is cuspóir dó sin **ardán AE a chruthú le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta**, fearacht tionscnamh rathúil eile a seoladh i réimsí eile (e.g. an tArdán Eorpach um an nGeilleagar Ciorclach, féile Bauhaus Nua na hEorpa, etc.). Sa réimse sin, is cinnte gur féidir le CESE, i gcomhar leis na móreagraíochtaí cultúrtha Eorpacha lena mbaineann, a bheith ina fhóram institiúideach luachmhar agus cobhsaí.

3.9.5. **Treoirthionscadail a chur ar bun i sainréimsí áirithe** a bhaineann leis na tosaíochtaí polaitiúla a sainaithníodh i ngach réimse. Seo a leanas roinnt samplaí den difear is féidir le gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais a dhéanamh.

3.9.5.1. **Na Balcáin Thiar**: is limistéar é seo a dhéanfar a lánpháirtiú san Aontas Eorpach, agus ar an gcúis sin, agus ar chúiseanna eile, ba cheart gné an chultúir a fhorbairt go mór, mar shampla trí thacaíocht a thabhairt do **líonra réigiúnach eagraíochtaí sochaí sibhialta i dtíortha uile na mBalcán Thiar**, eagraíochtaí atá tiomanta an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha a chaomhnú mar oidhreacht chomhroinnte. Dá bhrí sin, faoi chuimsiú na g**cainteanna idir Béalgrád agus Pristine** chun an caidreamh idir an tSeirbia agus an Chosaiv a normalú, ba cheart tosaíocht níos airde a thabhairt don oidhreacht chultúrtha agus reiligiúnach, i bhfianaise a ábhartha atá sí maidir le féiniúlacht na bpobal éagsúil. Ba cheart tacaíocht a thabhairt freisin do **chomhthionscadail réigiúnacha a bhfuil staraithe agus staraithe ealaíne páirteach iontu** i mór-réigiún Oirdheisceart na hEorpa ar mhaithe le stop a chur leis na gclaonadh méadaitheach atá ann an stair a leasú nó a athscríobh, rud as a dtagann athléamh ar an tuiscint (ilghnéitheach) ar shéadchomharthaí stairiúla agus láithreáin

([14]) *Future Unlocked! - Cultural and Creative Sectors as Agents of Change (creativeforum.si).*

oidhreachta. Roinnt nithe eile ba cheart a áireamh ann: méadú ar inniúlachtaí eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na n-institiúidí áitiúla, mar shampla trí chláir nasctha le músaeim, fondúireachtaí, etc. i mBallstáit an Aontais; **clár um churaidh oidhreachta AE-na mBalcán Thiar** a sheoladh, a bheadh bunaithe ar an gclár ILUCIDARE *Champions Programme* atá ann cheana, clár a thugann an deis do ghairmithe i réimse na hoidhreachta san Aontas Eorpach agus sna Balcáin Thiar taithí agus dea-chleachtais a mhalartú; leas a bhaint as clár **an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh** chun daoine óga a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí athchóirithe oidhreachta. Ina theannta sin, d'fhéadfadh scéim shonrach maidir leis an obair dheonach san oidhreacht chultúrtha ar an leibhéal réigiúnach (a mbeadh saoránaigh an Aontais agus daoine nach saoránaigh den Aontas iad in ann páirt a ghlacadh inti) cabhrú go mór le meon athnuaite dlúthpháirtíochta a chur chun cinn sa réimse.

3.9.5.2. **An Mheánmhuir agus an Meánoirthear.** Is cinnte go bhfuil seo i measc na dtosaíochtaí, ós rólíonmhar do na coimhlintí atá ag tarlú ann faoi láthair, agus ós iomaí suíomh oidhreachta agus cultúir ann nach bhfuil insint ar a luach, suíomhanna a dtiocfadh dóibh fós ról a imirt i gcothú an athmhuintearais agus na síochána, agus i gcothú na hatógála agus na forbartha inbhuanaithe go deimhin, chomh maith le ról a imirt i seachaint géarchéimeanna nua, rud a chuirfeadh brí agus fuinneamh na bpobal sin i gcúrsaíocht arís go luachmhar, mar aon le traidisiúin a chur i réim athuair ann. Is cinnte gurbh fhiú tús a chur athuair leis an tionscadal a thionscain DG DEVCO **i limistéar Mosul**, ba é sin tionscadal chun féiniúlachtaí agus oidhreacht a ndearnadh dochar mór dóibh agus atá i mbaol a gcaillte a fháil ar ais, trí oiliúint a chur ar oibreoirí agus gairmithe áitiúla i réimse an chultúir agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara a fhorbairt. Ba cheart tionscadal den chineál céanna a chur i gcrích **sa tSiria chun Palmyra a atógáil**. I gcomhthéacs an phróisis chasta sa **Libia**, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an tábhacht atá le saibhreas ollmhór oidhreacht chultúrtha na tíre sin. Ó thosaigh an choinbhleacht sa tír, tuigtear gurb iad **suíomhanna Sabrata, Leptis Magna, Cyrene, Apollonia agus Ghadames** is mó atá i mbaol, suíomhanna ina bhfuil sócmhainní an-luachmhar a d'fhéadfaí a chailleadh de bharr líonraí gáinneála neamhdhleathaí.

Ó 2015 i leith, tá **líonra neamhspleách de shaineolaithe sa Réigiún Meánmhuirí maidir leis an athrú aeráide** ([15]) á chur chun cinn ag an Aontas don Réigiún Meánmhuirí, agus tá conclúidí tábhachtacha tarraingthe suas ag an líonra sin, maille leis an b***plean gníomhaíochta maidir le forbairt uirbeach go dtí 2040*** ([16]). B'fhiú go mór, ar bhonn polaitiúil, **tionscadal sonrach a eagrú leis an Aontas don Réigiún Meánmhuirí** ar mhaithe le straitéis chomhroinnte a tharraingt suas chun na láithreáin éagsúla oidhreachta inláimhsithe a chosaint, rud a chosnódh freisin na gníomhaíochtaí turasóireachta agus eacnamaíocha uile a bhfuil baint acu leis na láithreáin sin.

Is é príomhthagairt atá ann faoi seo an **Dearbhú Deiridh** a rinneadh le linn **Chomhdháil Airí Cultúir an Réigiúin Mheánmhuirí** a tionóladh in Napoli na hIodáile an 16 agus an 17 Meitheamh 2022, comhdháil arbh é ab aidhm di straitéisí comhpháirteacha agus gníomhaíochtaí a thabhairt chun cinn leis an gcultúr a chosaint agus a chothú ós d'éadáil choiteann an réigiúin é, sin agus Próiseas Napoli a chur ar bun ar mhaithe leis an gcomhoibriú cultúrtha sa Réigiún Meánmhuirí ([17]).

3.9.5.3. Ní inniu ná inné a tuigeadh an tábhacht leis an gcultúr **ar mhór-roinn na hAfraice**, ach is minic tábhacht imeallach tugtha dó sa chaidreamh polaitiúil agus i dtionscadail agus infheistíochtaí sonracha. Mar sin féin, is iomaí sampla den dea-chleachtas atá ann agus tá béim níos mó á cur ar an gcultúr ag comhphobal ACC; tá a lán deiseanna ann freisin chun cur leis an gcaidreamh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach. Is lárionad tábhachtach é **Músaem Shibhialtachtaí na hAfraice i nDacár**, tionscadal de chuid chéad Uachtarán na Seineagáile, Léopold Sédar Senghor; osclaíodh an músaem ag deireadh 2018 agus is mol é anois don mhalartú cultúrtha ar mhór-roinn na hAfraice ina hiomláine, agus nasc aige le h**Athbheochan na hAfraice**, a bhfuil súil in airde léi. Ba cheart **Tigray** a lua anseo freisin, limistéar a bhfuil coinbhleacht agus éigeandáil dhaonnúil ann faoi láthair, ach a bhfuil méid mór oidhreachta cultúrtha ann freisin, toisc gurb é tobar an reiligiúin Choptaigh é, agus mainistreacha agus séipéil thábhachtacha ann.

Is í mór-roinn na hAfraice an mhór-roinn is líonmhaire ar domhan a bhfuil **teifigh agus daoine easlonnaithe** inti. Is mithid, dá réir sin, infheistíocht a dhéanamh i gcultúr na sluaite sin ar mhaithe le caomhnú na dtraidisiún *inter alia* ionas go ndéanfaidh na traidisiúin sin bunchloch i gcomhair na hatógála, sin agus leis an gcéad tús eile a dhéanamh. Ar an dul céanna, is ceist eile atá i ngné chultúrtha an chaidrimh leis na **diaspóraí éagsúla**, diaspóraí líonmhara a bhfuil ábhar iontu i gcomhair na forbartha.

([15]) MedECC and New MedECC infographic – MedECC.
([16]) *Towards a new UfM Strategic Urban Development Action Plan 2040 – Union for the Mediterranean* – UfM (ufmsecretariat.org).
([17]) https://cultura.gov.it/medculture.

Ar deireadh, tá borradh mór faoi **thionscal an fhaisin**, go háirithe ar leibhéal na ceardaíochta agus FBManna, ar mhór-roinn na hAfraice, agus ní hamháin go spreagann sé dea-bhail eacnamaíoch agus go gcruthaíonn sé fostaíocht, ach cruthaíonn sé féiniúlacht agus bród freisin as an gcruthaitheacht ar an mór-roinn sin. Tá tionscadail ar leith ann a chaithfear a neartú go mór, ó thaobh na hoiliúna agus ó thaobh na comhpháirtíochta idir gníomhairí eacnamaíocha ar an dá mhór-roinn.

3.9.5.4. Tabharfar tionscnamh ar leith chun cinn le haghaidh na **hÚcráine** ós áibhéil an léirscrios cultúrtha atá á thuairisciú i réigiúin go leor de chuid na tíre sin cheana. D'fhéadfadh músaeim na hEorpa airgead a bhailiú **le tacaíocht a thabhairt d'oidhreacht chultúrtha na hÚcráine**, agus d'fhéadfadh na Ballstáit an bealach a réiteach le haghaidh comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha ar mhaithe le **tograí atógála a mhaoiniú**. D'fhéadfadh an treoirthionscadal *Áiteanna cultúrtha san Eoraip* díriú ar an Úcráin, agus d'fhéadfaí ceann de thithe cultúrtha na hEorpa a bhunú i gCív ina leabharlann nó ina spás cultúrtha eile agus é á riar ag EUNIC i bpáirt le CESE.

3.9.5.5. Seolfar gníomhaíochtaí ar leith ar mhaithe le teachtaireacht dhearfach síochána agus urraime a chur in iúl do **phobal na Rúise agus do phobal na Bealarúise**, agus do chultúr na Rúise chomh maith le cuid den dochar a bhaint as feachtas bolscaireachta Putin.

3.9.6. Comhordú le An Chomhairle Eorpach atá ag cur bheartais chultúrtha na hEorpa i bhfeidhm cheana féin, ina measc sin an clár "bealaí cultúrtha na hoidhreachta" in éineacht le Unesco, ICCROM agus ICOM; an comhoibriú iltaobhach a neartú i ndáil le comhdháil dhomhanda Unesco ar bheartais chultúrtha agus an fhorbairt inbhuanaithe — MONDIACULT 2022, comhdháil atá le bheith i Meicsiceo ón 28 go dtí an 30 Meán Fómhair 2022.

3.9.7. Treoirlínte a fhorbairt maidir le **beartas chun creach na healaíne a fháil ar ais** agus tacaíocht a fhorbairt do thíortha agus do mhúsaeim a bhfuil na saothair sin á n-óstáil acu, d'fhonn na cultúir a ndearnadh creach agus calaois orthu a atógáil. Seaniarsmaí a bhfuil tábhacht ar leith leo don duine, is práinní a dtabhairt ar ais ar an dúchas más amhlaidh a aistríodh ó chríocha Stáit amach iad ar bhealach arb é aimhleas an tséadchomhartha é, sin nó aimhleas na timpeallachta seandálaíochta féin, rud is fíor de réir na bhforas a ghabhann le prionsabail bhunúsacha dhlí na hoidhreachta cultúrtha, agus de réir an ghá atá le hathshlánú an tséadchomhartha sa chomhthéacs stairiúil, cultúrtha agus nádúrtha is dual dó. Cuirtear an prionsabal sin in iúl freisin i gCoinbhinsiún Unesco 1970 maidir le Maoin Chultúrtha, coinbhinsiún a éascaíonn an tabhairt ar ais ar an dúchas ó thír go chéile, mar is bealach é leis an gcreachadh seandálaíochta, an trádáil aindleathach seaniarsmaí agus an smuigléireacht seod ealaíne a chomhrac. Seo roinnt samplaí de sin: uaigheanna na Meiriceánach Dúchasach, séadchomharthaí cré-umha Bheinin, dealbh an Mháistir Zhang Gong, agus dealbha Phartanón.

3.9.8. **Fothú acmhainneachta na sochaí sibhialta atá gníomhach** in earnáil an chultúir agus fothú acmhainneachta an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta i ngach tír a neartú, trí thacú le heagraíochtaí neamhspleácha, agus go háirithe eagraíochtaí áitiúla, a fhorbairt.

3.10. Ní féidir le gnó den sórt sin forbairt ar scála mór gan **struchtúr tiomnaithe suntasach a chruthú laistigh de SEGS**, i bpáirt le hArd-Stiúrthóireachtaí ábhartha eile an Choimisiúin. Struchtúr a bheadh bunaithe thart ar "**Toscaire Speisialta AE um Chaidreamh Cultúrtha**" chun cur chuige polaitiúil cuimsitheach, aitheanta agus cumhachtach a fhorbairt, a bheadh in ann líonraí a chruthú agus ar a mbeadh an cúram an plean gníomhaíochta thuasluaite a stiúradh.

Thar aon ní eile, caithfidh an buiséad a bheadh le leithdháileadh ar an struchtúr sin an fheidhm sin a ráthú.

Ní mór líonra de phointí fócais "cultúrtha" i dtoscaireachtaí éagsúla an Aontais a bheith ann freisin, bunaithe ar na tosaíochtaí polaitiúla éagsúla, ach colún lárnach so-aitheanta a bheith ann i gcónaí d'Eoraip na síochána. Ba cheart cistí sonracha a leithdháileadh ar Thoscaireachtaí an Aontais chun gníomhaíochtaí cultúrtha a chur i gcrích go háitiúil.

3.11. Ar deireadh, d'fhonn gné an chultúir i gcaidreamh idirnáisiúnta an Aontais a nascadh leis an aistriú digiteach inbhuanaithe, ní mór **prionsabail shoiléire maidir leis an gcáilíocht san infheistíocht chultúrtha** a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht a fhorbrófar sna tíortha comhpháirtíochta. Mar shampla, i gcás infheistíochtaí san oidhreacht inláimhsithe, ní mór prionsabail Bauhaus Eorpach Nua (an inbhuanaitheacht, an aeistéitic, an cuimsiú) agus Córas Cáilíochta Baukultur Davos a chur san áireamh iontu.

An Bhruiséil, an 27 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG